Aistrítear idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí coigríche isteach in Euro agus cuirtear iad i gcuntas ar na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí coigríche isteach in Euro ar na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta dheireadh na bliana.

ar leanúint....

INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHÁ AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASÁ, 2017

1. BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA (ar leanúint)

(g) Léasanna

Gearrtar cíósanna faoi léasanna oibriúcháin ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh théarma an léasa, fiú mura ndéantar na híocaíochtaí ar an mbonn sin. Ar an gcuma chéanna, leatar sochair a fhaightear agus atá infhaighte mar dhreasacht chun léas oibriúcháin a shíniú, ar bhonn líne dhíreach thar théarma an léasa.

(h) Deontais Chaipitiúla Stáit Iarchurtha

Is éard a chuimsítear le Deontais Chaipitiúla Stáit Iarchurtha ná an luach gan amúchadh i gcistí carntha atá leithdháilte le maoin, gléasra agus trealamh.

(i) Cúlchiste Forbartha Caipitiúla

Léirítear sa Chúlchiste Forbartha Caipitiúla suimeanna a cuireadh ar leataobh le haghaidh cuspóirí sonrtha forbartha caipitiúla. Coimeádfar na cistí siúd sa Chúlchiste Forbartha Caipitiúla a fhad agus a bhíonn na tionscadail shainithe dá dtiomáintear iad ar aon dul le pleananna forbartha caipitiúla na hInstitiúide, a fhad agus gur fhaomh an Comhlacht Rialaithe iad, agus go mbíonn siad céimnithe i dtaobh ama de agus ar aon dul le meastacháin ar chostais.

2. BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA

Agus polasaithe cuntasaíochta na hInstitiúide i réim, a bhfuil cur síos orthu ar fáil i Nóta 1, ceanglaítear ar an gComhlacht Rialaithe breithiúnais, meastacháin agus toimhdeanna a dhéanamh maidir leis na suimeanna glanluacha, de shócmhainní agus de dhliteanais araon, atá go follasach réidh ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na toimhdeanna gaolmhara leo bunaithe ar cad a tharla go stairiúil agus ar thosca eile a meastar iad a bheith ábhartha. Féadfar nach ionann na torthaí iarbhir agus na meastacháin seo.

Déantar athbhreithniú ar bhonn rialta leanúnach ar na meastacháin agus ar na toimhdeanna taobh thiar dóibh. Déantar leasuithe le meastacháin chuntasaíochta a thuairisciú sa tréimhse ina ndearnadh an leasú ar an meastachán más rud nach mbíonn tionchar aige ach amháin sa tréimhse sin, agus déantar é a thuairisciú i dtréimhsí sa todhchaí más rud go mbíonn tionchar aige sa tréimhse reatha agus i dtréimhsí todhchaíoch chomh maith.

Ag seo a leanas, na meastacháin agus toimhdeanna suntasacha atá an Comhlacht Rialaithe tar éis dóibh a bheith déanta sa phróiseas chun polasaithe cuntasaíochta na hInstitiúide a chur i bhfeidhm ar mhaithe gurbh an tionchar ab shuntasá ab fhéidir a bheith acu ar na suimeanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais.

(a) Gnóthas Leantach

Níl aon éiginnteacht shaolta ann a bhaineann leis an gcumas atá ag an Institiúid freastal dá dliteanais de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn seo, meastar san Institiúid go bhfuil sé oiriúnach na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuimsítear sna ráitis airgeadais aon leasuithe ar na suimeanna ghlanluacha na sócmhainní agus dliteanais, ar a n-aicmiúchán ach oiread, a bhféadfar a tharlú más rud nach mbíonn an Institiúid in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

ar leanúint....

INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASÁ, 2017

(b) Saolta a Chruthú ar mhaithe leis an Dímheas Maoine, Gléasra agus Trealaimh

Áirítear sócmhainní fadsaolacha, lena gcuimsítear maoin, gléasra agus trealamh, go háirithe, mar chuid shuntasach de shócmhainní iomlán na hInstitiúide. Braitheann an táille dímheasa bliantúil ar an tsaolré ionchais measta atá beartaithe do gach aon chineál sócmhainne agus ar na meastacháin atá déanta ar luacha iarmharacha. Déanann an Institiúid athbhreithniú ar an tsaolré ionchais atá beartaithe ar bhonn rialta agus déantar iad a leasú dá réir, mar is gá, ar aon dul leis na coinbhinsiúin a nglactar leo go hiondúil don chatagóir shócmhainne i gceist. Is féidir le saolré ionchais beartaithe tionchar suntasach a bheith aige ar na hathruithe sna táillí dímheasa don tréimhse. Tá sonraí maidir le saolré ionchais beartaithe i dtaca le gach aon chatagóir shócmhainne curtha síos i Nóta 1.

(c) Chomaoin um Shocair Scoir

Déantar na toimhdeanna taobh thiar de na luachálacha aachtúireacha lena áirítear na suimeanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe sna leibhéil phá todhchaíoch, sna rátaí báis agus sna rátaí treochta i gcostais cúram sláinte) a uasdátú uair sa bhliain de réir an staid eacnamaíochta a bhíonn i réim ag an am, agus de réir aon athruithe ábhartha a thagann ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna um pinsin agus iar-scoir. Is féidir tionchar a bheith ar na toimhdeanna ag an ráta lascaine, athruithe i ráta fáltais ar bhannaí corparáide ardchaighdeán, rátaí cúitimh todhchaíoch, coinníollacha todhchaíoch sa mhargadh fostaíochta agus rátaí treochta i gcúram sláinte eg ráta boilscithe de bharr costas leighis sna réigiúin oiriúnacha.

INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2017

3 Deontais Stáit

	Leithdháilte ar Chaitheachas Athfhillteach €000	Leithdháilte ar Chaitheachas Caipitil €000	Iomlán 2017 €000	Iomlán 2016 €000
Deontas Stáit do:				
Chaitheachas Athfhillteach	8,495	6	8,501	7,801
Minoibreacha	<u>223</u>	<u>367</u>	<u>590</u>	<u>590</u>
Iomlán 2017	<u>8,718</u>	<u>373</u>	<u>9,091</u>	<u>8,391</u>
Iomlán 2016	<u>7,666</u>	<u>725</u>		

Tá costas iomlán roinnt cúrsaí teastais agus roinnt cúrsaí gnathchéime arna thacú trí fhóirdheontais ó Chiste Sóisialta na hEorpa ar an leibhéal náisiúnta. Tá Deontais Stáit do Chaitheachas Athfhillteach páirtchistithe ón gcúnamh sin ón Aontas Eorpach. Le héifeacht ón 1 Feabhra 2007, ghlac an tÚdarás um Ard-Oideachas freagracht ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le cistiú caiteachais athfhilltigh neamh-altranais.

4 Táillí Teagaisc

	2017 Líon na Mac Léinn	2017 €000	2016 Líon na Mac Léinn	2016 €000
Cistithe ag an Stát:				
Táillí Teagaisc	1,905	1,431	1,866	1,387
Foghlaim Fad Saoil agus Táillí Eile	52	236	80	289
Ranníocaíocht na Mac Léinn	<u>0</u>	<u>2,510</u>	<u>0</u>	<u>2,563</u>
	<u>1,957</u>	<u>4,177</u>	<u>1,946</u>	<u>4,239</u>
Neamhchistithe ag an Stát:				
Ranníocaíocht an Mhic Léinn	0	3,077	0	2,917
Táillí Neamh-AE	2	24	4	48
Táillí arna n-íoc ag Mic Léinn nó ar a son	198	673	206	661
Foghlaim Fad Saoil agus Táillí Eile	<u>187</u>	<u>463</u>	<u>133</u>	<u>312</u>
	<u>387</u>	<u>4,237</u>	<u>343</u>	<u>3,938</u>
	<u>2,344</u>	<u>8,414</u>	<u>2,289</u>	<u>8,177</u>

D'íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas táillí teagaisc €1,337,427 sa bhliain (2016: €1,304,258) maidir le cúrsaí céime onóracha lánaimseartha agus €57,375 (2016: €58,500) maidir le cúrsaí ardteastais agus cúrsaí gnathchéime, a bhfuil a gcuid costas iomlán páirtchistithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa.

Luaitear líon na mac léinn mar choibhéisí lánaimseartha bunaithe ar chreidmheasanna cláraithe.

INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2017

	2017	2016
	€000	€000
5 Deontais agus Conarthaí Taighde		
Stát	530	393
An tAontas Eorpach	128	65
Tionscal	61	50
Eile	<u>10</u>	<u>48</u>
Ioncam ó Chonarthaí agus ó Thionscadail	729	556
Leithdháilte ar Chaiteachas Caipitil	<u>(18)</u>	<u>(8)</u>
Glanioncam	<u>711</u>	<u>548</u>
Costais Foirne	156	156
Costais Neamh-Phá	<u>251</u>	<u>349</u>
Chaiteachas	<u>509</u>	<u>505</u>
Toradh Glan	<u>202</u>	<u>43</u>

Tá €12,151(2016: €18,000) san áireamh san Ioncam ó Chonarthaí agus ó Thionscadail i leith for-chostais a aisghabháil. Is ionann an t-iarmhéid agus chostais dhíreacha arna n-aisghabháil le haghaidh obair thaighde a rinneadh mar atá leagtha amach faoi na ceannteidil um chaiteachas thuas.

6 Cistiú Tacaíochta do Mhic Léinn

	Ciste Míchumais na Mac Léinn	Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn	2017 €000	2016 €000
Fáltais:				
An tÚdarás um Ard-Oideachas	178	94	272	263
Suimeanna a Cuireadh i bhFeidhm	<u>(178)</u>	<u>(94)</u>	<u>(272)</u>	<u>(262)</u>
	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>1</u>

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas cistiú ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus tá sé páirtchistithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa.

7 Ioncam Eile

	2017	2016
Asbhaintí Aoisliúntais Coinnithe	647	642
Ioncam Saoráidí Aitheanta	250	238
Muireir Priontáil	46	50
Ioncaim ó Mic Léinn Idirnáisiúnta	16	136
Ilghnéitheach	<u>47</u>	<u>21</u>
	<u>1,006</u>	<u>1,087</u>

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHÁ AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASÁ, 2017**

8 Anailís ar Ioncam atá Díortha ón Stát

	Iarmhéid Iarchurtha an 1 Meán Fómhair 2016 €000	Méid a Fuarthas €000	Iarmhéid Iarchurtha an 31 Lúnasa 2017 €000	Ráiteas Iomcaim agus Caiteachais €000
Deontas Stáit (Nóta 7):				
An tÚdarás um Ard-Oideachas	0	9,091	0	9,091
Leithdháilte do Chaiteachas Caipitil	<u>0</u>	<u>(373)</u>	<u>0</u>	<u>(373)</u>
Ioncam Stáit Iomláin	<u><u>0</u></u>	<u><u>8,718</u></u>	<u><u>0</u></u>	<u><u>8,718</u></u>
Táillí Teagaisc (Nóta 4):				
An tÚdarás um Ard-Oideachas	0	1,623	0	1,623
Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éireann	0	2,510	0	2,510
Scoláireachtaí IADT	0	40	0	40
Na Coimisinéirí Ioncaim	<u>0</u>	<u>4</u>	<u>0</u>	<u>4</u>
Ioncam Stáit Iomláin	<u><u>0</u></u>	<u><u>4,239</u></u>	<u><u>0</u></u>	<u><u>4,177</u></u>
Deontais agus Conarthaí Taighde (Nóta 5):				
Fiontraíocht Éireann	0	81	0	81
An tÚdarás um Ard-Oideachas	312	124	140	296
Idir-Thrádáil Éireann	18	2	9	11
Cúnamh Éireann	84	0	76	8
Bord Scannán na hÉireann	16	0	9	7
Ionad Naisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas	45	37	38	44
An Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama	0	12	0	12
Pobal	24	0	(17)	41
An Cumann um Ard-Oideachas Teicneolaíochta	(11)	13	0	2
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	0	12	0	12
Eile	<u>1</u>	<u>15</u>	<u>0</u>	<u>16</u>
Ioncam Stáit Iomláin	<u><u>489</u></u>	<u><u>296</u></u>	<u><u>255</u></u>	<u><u>530</u></u>
Cistiú um Thacaíocht do Mhic Léinn (Nóta 6):				
An tÚdarás um Ard-Oideachas	<u>7</u>	<u>272</u>	<u>7</u>	<u>272</u>
Ioncam Stáit Iomláin	<u><u>7</u></u>	<u><u>272</u></u>	<u><u>7</u></u>	<u><u>272</u></u>

INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2017

9 Costais Foirne

Ba é meánlón na ndaoine (sealbhóirí poist shinsearaigh ina measc) a d'fhostaigh an Institiúid i rith na bliana, a léirítear i gcoibhéisí lánaimseartha:

	2017	2016
	Líon na	Líon na
	Bhfostaithe	Bhfostaithe
Múinteoireacht agus Taighde	124	122
Teicniúil	15	13
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí	<u>66</u>	<u>65</u>
	<u>205</u>	<u>200</u>
	2017	2016
	€000	€000
Tuarastail agus Pá	12,357	11,967
Costais Leasa Shóisialaigh	<u>1,117</u>	<u>1,062</u>
	<u>13,474</u>	<u>13,029</u>

Cúiteamh na Príomh-Bhainistíochta

B'ionann an luach saothair iomlán do phearsanra na príomhbhainistíochta €143,049 (2015: €141,638)

Tá an tUachtarán agus Comhaltaí an Chomhlachta Rialaithe i measc phearsanra na príomhbhainistíochta san Institiúid.

Foireann a ndéantar Íocaíocht Níos Airde leo

Ghlac an Institiúid le luach tosaigh €60,000 chun an fhoireann a aithint a n-íoctar tuarastal níos airde leo. Seo a leanas luach saothair i mbandaí tuarastail €10,000, agus €60,000 á úsáid mar an luach tosaigh:

	2017	2016
	Líon na	Líon na
	Bhfostaithe	Bhfostaithe
€60,000 - €70,000	20	19
€70,001 - €80,000	32	38
€80,001 - €90,000	33	17
€90,001 - €100,000	4	6
€100,001 - €110,000	<u>2</u>	<u>2</u>
	<u>91</u>	<u>82</u>

INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASÁ, 2017

10 Caostas Sochar Scoir

Soláthar Foirne

Tá na baill foirne gur iontrálaithe nua iad, a earcaíodh iad i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (An Scéim Aonair) ar aon dul leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Aistrítear asbhaintí ó thuarastail foirne faoin Scéim Singil ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gach uile mhí ar aon dul le forálacha an Achta sin.

Cur síos ar Scéimeanna

Den chéad uair, tá tuairisc déanta ar chomaoin um shochair scoir i ráitis airgeadais 2017. Tá an t-achtúire tar éis an tsuímh thosaigh, amhail an 1 Meán Fómhair 2016, a mheasáireamh de réir staid an mhargaidh ag an tráth sin.

Scéim Aoisliúntais Earnáil an Oideachais

Socrú pinsin tuarastail deiridh shochair shainithe atá sa scéim phinsin ag a bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí a shainítear trí thagairt a dhéanamh do rialacháin na scéime reatha poiblí “samhlaí”. Anuas air sin, soláthraíonn an scéim pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (na trí ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is í an ghnáthaois scoir breithlá 65 bliain comhalta, agus tá comhaltaí atá ina gcomhaltaí ó thráth 2004 i leith i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ag 60 bliain d’aois. Is gnách go méadaítear na pinsin atá á n-foc (agus á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

An Scéim Aonair:

Is éard atá sa Scéim Aonair ná scéim pinsin ceirde do sheirbhísigh poiblí a rinneadh iad a earcú mar iontrálaithe nua ó bhí an 1 Eanáir 2013 ann. Scéim shochair shainithe atá inti, agus na sochair scoir measta de réir mheántuillimh ghairmréime. Gintear creidmheasanna phinsin agus creidmheasanna cnapshuime scoir leis an scéim do gach aon bhall dá cuid. Fabhraítear na creidmheasanna airgid seo, ar a dtugtar “suimeanna inghairthe”, mar chéatadán den phá go leanúnach, de réir a chéile. Déantar athmheasúnú luacha ar na suimeanna inghairthe uair sa bhliain suas go dtí an scor agus méaduithe boilscithe á gcur san áireamh (Praghasinnéacs Tomhaltóirí) Is éard a íoctar mar phinsean ag am an scoir ná iomlán carnach na suimeanna inghairthe de chuid an bhaill scéime, agus is éard atá sa chnapshuim scoir ná, ar an dul céanna, iomlán na suimeanna inghairthe um chnapshuim atá ag an mball scéime i gceist.

Luacháil:

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 ar luacháil iomlán achtúireach a rinneadh achtúire neamhspleách cáilithe agus ceanglais an FRS á gcur san áireamh d’fhonn measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime amhail an 31 Lúnasa 2017. Níor cuireadh iarfhostaithe den Institiúid atá ag fáil pinsean san áireamh agus an luacháil á déanamh.

Ag seo a leanas na toimhdeanna achtúireacha a úsáidtear chun na codanna éagsúla de chostas an shochair shainithe don bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2017:

INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHÁ AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASÁ, 2017

10 Costas Sochair Scoir (ar leanúint)	2017	2016
Ráta Lascaine	2.10%	1.80%
Ráta Boilscithe	1.70%	1.50%
Arduithe sna Tuarastail	3.20%	3.00%
Arduithe sna Pinsin	2.70%	2.50%

Leis an mbonn um básmhaireacht a ghlactar leis, ceadáítear d'fheabhsuithe in ionchas saoil thar thréimhse ama, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ag am an scoir ar an mbliain ina sroicheadh an ball an aois scoir (65 bliana d'aois). Níl dóthain ball sa scéim agus níl dóthain básanna ann chun meastacháin a dhéanamh ná chun anailís a dhéanamh orthu a bhainfeadh leis an scéim seo go sonrach maidir le rátaí básmhaireachta sa todhchá. B'ionann a leanas an meánionchas saoil amach anseo, i gcomhréir leis na táblaí básmhaireachta a úsáideadh chun na dlíteanais phinsin a dheimhniú:

	2017	2016
	Bliana	Bliana
Fear 65 bliana d'aois	21.4	-
Ús ar Dhlíteanais um Shocair Scoir na Scéime	23.9	-

Anailís ar na Sochair Scoir Iomlán a ghearrtar leis an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	2017	2016
	€000	€000
Costas Seirbhíse Reatha lena n-áirítear Ranníocaíochtaí Fostaithe	3,789	-
Ús ar Dhlíteanais um Shocair Scoir na Scéime	1,159	-
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(726)	-
	<u>4,222</u>	<u>-</u>

Inathraitheacht sa Ghlandlíteanas Sochar Scoir le linn na Bliana Airgeadais

	2017	2016
	€000	€000
Glanluacháil Chomaoin um Shocair Scoir amhail ar an 1 Meán Fómhair	62,250	-
Costas na Seirbhíse Reatha	3,063	-
Ranníocaíochtaí Fostaithe	726	-
Costáil Úis	1,159	-
Leasuithe ar na Toimhdeanna Achtúireacha	(1,353)	-
Glanluacháil Chomaoin um Shocair Scoir amhail ar an 31 Lúnasa	<u>66,115</u>	<u>62,520</u>
Anailís déanta orthu de réir an aicmithe seo:		
Scéim Aoisliúntais Earnáil an Oideachais	64,996	-
An Scéim Aonair	<u>1,119</u>	<u>-</u>
	<u>66,115</u>	<u>-</u>

Ar Leanúint...

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2017**

10 Costas Sochair Scoir (ar leanúint)

Sócmhainn Maoinithe um Shochair Scoir Iarchurtha

Tá an Institiúid forordaithe in I.R. Uimh 581 de 2012 mar údarás iomchuí chun críocha na Scéime Aonair. Is é barúil na hInstitiúide (de réir Alt 44 d'Acht 2012) ná go ndéanfaí aon dliteanas maidir leis an Scéim Singil a fhritháireamh le sócmhainn choibhéiseach ó thaobh cistithe stáit todhchaíoch de.

Áiríonn an Institiúid na suimeanna atá amach ag an Stát don dliteanas maoiniúcháin iarchurtha le haghaidh na sochair scoir a bhaineann le Scéim Aoisliúntais Earnáil an Oideachais 2015 de réir an tuairim atá mínithe thuas agus de réir roinnt cásanna a tharla roimhe seo. Áirítear leis na hócáidí seo an bonn reachtúil faoinar mbunaíodh an scéim sochair scoir, agus an beartas agus an cleachtas atá ann faoi láthair chun pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ón fhostaí agus an próiseas meastacháin bliantúil. Níl aon fhianaise ag an Institiúid nach leanfar ar aghaidh riar ar na suimeanna dá dhála de réir an chleachtais reatha.

Is mar seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha do shochair scoir a aithníodh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach:

	2017	2016
	Bliana	Bliana
Maoiniú atá in-aisghabhála maidir le Costais Sochair Scoir na Bliana Reatha	4,222	-
Sochair a íocadh sa bhliain	0	-

B'ionann an Dliteanas maoiniúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail ar an 31 Lúnasa 2017 €66,115,000 (2016: €65,250,000)

Cuntas Comaoin Sochar Sainithe

Comaoin Sochar Sainithe	66,115	-
-------------------------	--------	---

11 An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair

	2017	2016
	Líon na	Líon na
	Bhfostaithe	Bhfostaithe
Líon na gComhaltaí Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair	<u>41</u>	<u>36</u>

INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHÁ AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASÁ, 2017

12 Anailís ar Chaiteachas

	Costais Foirne €000	Costais Oibriúcháin Eile €000	Iomlán 2017 €000	Iomlán 2016 €000
Ranna Acadúla	9,181	572	9,753	9,657
Seirbhísí Acadúla	329	129	458	457
Costais Saoráidí	501	1,214	1,715	1,623
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí TFC	2,647	1,201	3,848	3,740
Costais Ghinearálta Oideachasúla	125	298	423	343
Seirbhísí do Mhic Léinn	433	363	796	705
Deontais agus Conarthaí Taighde	258	251	509	505
Ioncam um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn Feidhmithe	<u>0</u>	<u>272</u>	<u>272</u>	<u>272</u>
Total 2017	<u>13,474</u>	<u>4,300</u>	<u>17,774</u>	<u>17,292</u>
Total 2016	<u>13,029</u>	<u>4,263</u>		

INSTITIÚID EALAÍNE, DEARtha AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2017

12 Anailís ar Chaiteachas (ar lean)

	2017	2016
	€000	€000
Anailís ar Chaiteachas Oibriúcháin Eile:		
Caiteachas Taighde	251	349
Ábhair agus Tomhaltáin eile	331	339
Trealamh	264	182
Scoil Náisiúnta Scannán	53	98
Stáiseanáireacht agus Ábhair Oifige	32	21
Fáilteachas	31	24
Earcaíocht	55	72
Taisteal agus Cothabháil	63	73
Caiteachas ar Chúrsaí Seachtracha	40	43
Leabhair agus Tréimhseacháin	115	99
Glanadh	264	256
Cothabháil	137	123
Slándáil	120	124
Árachas	105	100
Forais agus Tírdhreachú	26	41
Fuinneamh agus Uisce	510	437
Cothabháil TFC	301	277
Poiblíocht agus Cur Chun Cinn	179	124
Rollú, Scrúduithe agus Bronnadh	109	91
Cumarsáid	56	62
Táillí Dlí	0	24
Táillí um Iniúchadh Seachtrach	27	27
Táillí Gairmiúla Eile	111	160
Costais Airgeadais	19	31
Forbairt Foirne	121	123
Síntiúis do Chomhlachtaí Gairmiúla	88	23
Caiteachas ar Shaoráidí ar Cíos	113	78
Seirbhísí do Mhic Léinn	363	360
Ioncam arna fheidmiú ón gCistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	272	262
Táillí Teagaisc Athfhála	42	177
Eile	<u>102</u>	<u>61</u>
	<u><u>4,300</u></u>	<u><u>4,263</u></u>

13 Cánachas

Tá Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire díolmhaithe ó Cháin Chorpóraide faoi ordú stádas carthanachta.

INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHÁ AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASÁ, 2017

14 Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Iomlán €000	Talamh agus Foirg- nimh €000	Sócmh- ainní atá á dTógáil €000	Daing- neáin agus Feistis €000	Crua- earraí Ríomh- aire €000	Troscán agus Trea- lamh €000
Costas						
Ar Meán Fómhair, 2016	70,695	48,778	193	2,212	10,896	8,616
Breiseanna	391	22	77	70	125	97
Aistrithe	0	0	(82)	0	82	0
Diúscairtí	<u>(181)</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>(143)</u>	<u>(38)</u>
Ar 31 Lúnasa 2017	<u>70,905</u>	<u>48,800</u>	<u>188</u>	<u>2,282</u>	<u>10,960</u>	<u>8,675</u>
Dímheas						
Ar 1 Meán Fómhair	29,618	9,732	0	1,704	10,538	7,644
Muirear don Bhliain	1,697	812	0	74	304	507
Diúscairtí	<u>(181)</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>(143)</u>	<u>(38)</u>
Ar 31 Lúnasa 2017	<u>31,134</u>	<u>10,544</u>	<u>0</u>	<u>1,778</u>	<u>10,699</u>	<u>8,113</u>
Glanluach de réir na Leabhar						
Ar 31 Lúnasa 2017	<u>39,771</u>	<u>38,256</u>	<u>188</u>	<u>504</u>	<u>261</u>	<u>562</u>
Ar 1 Meán Fómhair 2016	<u>41,077</u>	<u>39,046</u>	<u>193</u>	<u>508</u>	<u>358</u>	<u>972</u>
Costas						
Ar Meán Fómhair, 2016	70,393	48,778	128	2,212	10,875	8,682
Breiseanna	733	0	65	282	373	13
Aistrithe	0	0	0	0	0	0
Diúscairtí	<u>(431)</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>(352)</u>	<u>(79)</u>
Ar 31 Lúnasa 2017	<u>70,695</u>	<u>48,778</u>	<u>193</u>	<u>2,212</u>	<u>10,896</u>	<u>8,616</u>
Dímheas						
Ar 1 Meán Fómhair	28,616	8,920	0	1,638	10,486	7,172
Muirear don Bhliain	1,833	812	0	66	404	551
Diúscairtí	<u>(181)</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>(143)</u>	<u>(38)</u>
Ar 31 Lúnasa 2016	<u>29,618</u>	<u>9,732</u>	<u>0</u>	<u>1,704</u>	<u>10,538</u>	<u>7,644</u>
Glanluach de réir na Leabhar						
Ar 31 Lúnasa 2016	<u>41,077</u>	<u>39,046</u>	<u>193</u>	<u>508</u>	<u>358</u>	<u>972</u>
Ar 1 Meán Fómhair 2015	<u>42,177</u>	<u>39,858</u>	<u>128</u>	<u>292</u>	<u>389</u>	<u>1,510</u>

INSTITIÚID EALAÍNE, DEARtha AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2017

	2017	2016
	€000	€000
15 Infháltais		
Táillí Teagaisc	74	21
Ioncam ó Bhanna Forbartha atá Infhaighte	33	24
Íocaíochtaí a fuarthas roimh ré	0	840
Ús Fabhráithe	4	1
Deontais Taighde agus Conarthaí Taighde	87	29
Féichiúnaithe Eile	<u>228</u>	<u>214</u>
	<u>426</u>	<u>1,029</u>
16 Nithe Iníochta		
Suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin		
Íocaíochtaí a Fuarthas Roimh Ré:		
Táillí Teagaisc agus Ranníocaíochtaí na Mac Léinn	176	227
Deontais agus Conarthaí Taighde	298	539
Cistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	<u>7</u>	<u>7</u>
	<u>481</u>	<u>773</u>
Fabhruithe	629	431
Creidiúnaithe Trádála	51	74
ÍMAT/ÁSPC	346	325
Creidiúnaithe Eile	<u>88</u>	<u>115</u>
	<u>1,114</u>	<u>945</u>
	<u>1,595</u>	<u>1,718</u>

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASÁ, 2017**

	2017	2016
	€000	€000
17 Cuntas Caipitil		
Ar 1 Meán Fómhair	41,077	42,177
Leithdháilte ó Dheontas Athfhillteach	6	171
Leithdháilte ón Deontas Mionoibreacha	367	554
Leithdháilte ó Ioncam Tionscadal	<u>18</u>	<u>8</u>
	41,468	42,910
Amúchadh i gcomhréir le Diúscairtí	<u>(1,697)</u>	<u>(1,833)</u>
Ar 31 Lúnasa	<u><u>39,771</u></u>	<u><u>41,077</u></u>
18 Cúlchiste Forbartha Caipitiúla		
Ar 1 Meán Fómhair	1,626	1,626
Aistriú chuig Cúlchistí Ioncaim	<u>(1,626)</u>	<u>0</u>
Ar an 31 Lúnasa	<u><u>0</u></u>	<u><u>1,626</u></u>

Suim airgead stairiúil is ea an t-iarmhéid sa Chúlchiste Forbartha Caipitiúla a tharla i gcomhthéacs na Táille um Chlárú Mic Léinn mar a bhí agus a cuireadh deireadh leis sa bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2011. Níl aon luaitheanacht san iarmhéid seo ón dáta sin agus, ar aon dul leis an bpolasaí cuntasáíochta reatha atá againn, tá sé tar éis a bheith tharchurtha isteach sa chúlchiste ioncaim ghinearálta.

19 Ceangaltais Chaipitil

Níl aon ceangaltais ar an Institiúid €371,746 (2016: €Nil) maidir le caiteachas caipitil ag dáta an chláir chomhardaithe.

20 Dlíteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dlíteanais theagmhasacha ann ag dáta an chláir chomhardaithe

21 Páirtithe Gaolmhara

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an Institiúid socrúithe conartha a dhéanamh le gnóthais ina bhfuil comhaltaí Chomhlacht Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu. Ghlac an Institiúid nósanna imeachta i gcomhréir le Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Chomhlachta Rialachais agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin.

22 Imeachtaí Iar-Chláir Chomhardaithe

Níorbh ann d'aon imeachtaí suntasacha ó dháta an chláir chomhardaithe a d'fhéadfadh impleachtaí a imirt ar na ráitis airgeadais seo.

INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2016

23 Figiúirí Comparáideacha

Táthar tar éis na figiúir comparáideacha, nuair a bhí gá leis, a athghrúpáil agus iad a aththuirisciú ar an mbonn céanna inar tuairiscíodh figiúir na bliana reatha.

24 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Comhlacht Rialaithe na ráitis airgeadais ar an 7 Samhain 2018.